Oireachtas na Samhna 2023

Leibhéal B1

A: MACHNAMH

Réamhchleachtadh 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi Oireachtas na Samhna a bhí ar siúl i gCill Airne i mbliana. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus téigí go dtí clár na féile – clár an Oireachtais ar an Satharn. Léigí an sceideal in bhur n-aonar ar dtús agus ansin pléigí na ceisteanna thíos le chéile.

1. An raibh tú riamh ag an Oireachtas?

   (Bhí agus thaitin sé liom. / Ní raibh riamh …)

2. Ar mhaith leat dul ann? Cén fáth?

   (Ba mhaith mar … / Níor mhaith mar … / Níl spéis dá laghad agam ann.)

3. Roghnaigh trí imeacht ón sceideal ar mhaith leat freastal orthu agus abair cén fáth ar roghnaigh tú iad.

   (Ba mhaith liom freastal ar sheoladh SnasTV mar ceapaim gur coincheap iontach é …)

Réamhchleachtadh 2

Pléifear cuid de na comórtais amhránaíochta agus damhsa sa mhír ach chomh maith leis sin pléifear cruinniú a bhí ag oifigigh pleanála teanga. Cén obair a dhéanann siad? Féach ar an líne thíos chun nod a thabhairt duit féin:

‘Is mór na dúshláin (*challenges*) atá amach romhainn. Tá géarchéim (*crisis*) teangeolaíochta (*linguistic*) na Gaeltachta ag dul in olcas.’

B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

féilire	*being established*
á nochtadh	*plodding along*
lúbadh	*It's a great honour*
níos socra	*external*
á fréamhú	*working group*
ó thuaidh	*being exposed*
Is mór an onóir é	*campaigning, lobbying*
iomaíoch	*northward*
seachtrach	*calmer*
eagrais stáit	*calendar*
meitheal	*state bodies/organisations*
ag treabhadh linn	*bending, twisting*
ag stocaireacht	*competitive*

2. Cad is brí leis an téarma **sean-nós**?

3. Cloisfidh tú Conor Ó Gallachóir, a bhfuil canúint Uladh aige, ag labhairt ar ball. Deir sé 'naoi gcloigne déag' agus é ag trácht ar *19 people*. Conas a déarfá féin é sin?

4. Cloisfidh tú Cristín de Mórdha ag labhairt ar ball freisin agus tá canúint na Mumhan aicise. Deir sí 'i bhfad Éireann níos mó'. Cad is brí leis sin, dar leat?

C: TUISCINT

1. Féach ar an mír den chéad uair agus líon na bearnaí sna habairtí thíos tar éis na chéad féachana. Bain úsáid as na focail Ghaeilge a phléigh tú faoi Foclóir.

   - Tá an comórtas an- _____ ar fad agus ardchaighdeán ag baint leis.
   - _____ a leithéid de chomórtas a bhuachan.
   - Beimid _____ inár n-aonar gach lá gan stad.
   - Is é an tOireachtas an ócáid is mó i bh_____ na Gaeilge.
   - Tá an ealaín _____ go luath i bpáistí óga.
   - Bheadh sé níos éifeachtaí dá mbeadh muid _____ i dteannta a chéile.
   - Bíonn na hoifigigh pleanála teanga ag obair go _____ ó na h_____.
   - Lainseáladh _____ náisiúnta chun go mbeadh guth aontaithe ag na hoifigigh.
   - Bíonn na comórtais amhránaíochta _____ ná na comórtais damhsa.
   - Bíonn rithim an cheoil _____ féin trí bhuille na gcos agus _____ an choirp.
   - Beidh Corn Cuimhneacháin Amhránaithe Sean-Nóis Mhúscraighe ag dul _____ i mbliana.

2. Féach ar an mír arís agus freagair na ceisteanna thíos.

   a) Conas a dhéanann Eimear Ní Chonaola cur síos ar an Oireachtas?

   b) Cé mhéad comórtas a bhíonn ar siúl ag an Oireachtas?

   c) Cá ndeachaigh an corn don amhránaíocht do pháistí faoi bhun seacht mbliana d'aois?

   d) Cén fhad a thóg sé ar Lasairfhíona Ní Bhraonáin an t-amhrán a fhoghlaim? Cén áit a mbíodh sí ag cleachtadh?

   e) Bhuaigh Conor Ó Gallachóir Corn Cuimhneacháin Amhránaithe Sean-Nóis Mhúscraighe. Cad as dó? Cén aois é? Cad a dúirt sé faoin gcomórtas?

   f) Cén fáth a raibh cruinniú ag oifigigh pleanála teanga le linn an Oireachtais?

   g) Dúirt Cristín de Mórdha go mbíonn na hoifigigh pleanála teanga ag obair leo féin i gcónaí ach go mbeadh sé níos éifeachtaí dá mbeidís ag stocaireacht le chéile. Cén fáth?

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (ceisteanna)

a) Féach ar na ceisteanna sa tábla thíos. Tá dhá ghrúpa ann agus athraíonn foirm an bhriathair ag brath ar an gceistfhocal (cé, cén fáth …) a úsáidtear. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na difríochtaí atá ann idir an dá ghrúpa.

Grúpa 1:	**Cé a** bhuaigh Corn Uí Riada? **Conas a** théann tú go dtí an tOireachtas? **Céard/ Cad é** a shíl tú den chomórtas sin? **Cathain / Cén uair** a **bhí / atá /** a **bheidh** tú ann? **Cén fhad** a **bhí / atá /** a **bhíonn /** a **bheidh** tú ag cleachtadh? **Cén lá atá** / a **bhí** / a **bheidh** sé ar siúl? **Cé mhéad** a **chosain** / a **chosnaíonn** sé?
Grúpa 2:	**Cá/ Cén áit a bh**fanann tú nuair a bhíonn tú ann? **Cén chaoi/dóigh** a **bhfaighidh** tú amach? **Cén fáth** ar shíl tú é sin? (cosúil le 'Ar shíl … ?') **Cé leis** a **raibh** / **a bhfuil** / a **m**beidh tú ag dul?

b) Cuir an fhoirm cheart den bhriathar sna bearnaí sna ceisteanna thíos. Ansin, cuir na ceisteanna ar an duine in aice leat.

Cad é an scannán nó an clár teilifíse is fearr a (feic) _____ tú le déanaí?
Cathain a (feic) _____ tú é?
Cén áit (bí) _____ tú nuair a chonaic tú é?
Cén fáth ar (taitin) _____ sé leat?

2: Cruinneas gramadaí (an tuiseal ginideach uatha)

a) Bhí go leor samplaí den tuiseal ginideach uatha sa mhír. Cuir an fhoirm cheart de gach ainmfhocal sna bearnaí thíos.

féilire (an Ghaeilge) _____
ar feadh (an lá) _____
rithim (an ceol) _____
Contae (an Mhí) _____
lucht (an Ghaeltacht) _____
i lár (an t-aicsean) _____
lúbadh (an corp) _____
ar fud (an tír) _____

b) An raibh na freagraí céanna ag an duine in aice leat? Mura raibh, féachaigí ar an mír arís leis na freagraí a sheiceáil.

E: CUMARSÁID

1: Caint

Beidh tú féin agus an duine in aice leat ag tabhairt faoi dhá rólghníomhaíocht. Tabharfaidh an teagascóir na cártaí cuí daoibh. Beidh oraibh ceisteanna a chur ar nós na gceann a phléigh sibh faoi Feasacht Teanga.

Rólghníomhaíocht 1

Duine A: Bhí tú ag freastal ar an Oireachtas agus chuaigh tú go dtí Comórtas Chorn Uí Riada. Tá an t-eolas a bhaineann leis an gcomórtas sin ar do chárta. Beidh an duine in aice leat ag cur ceisteanna ort faoi.

Duine B: Chuaigh do chara go dtí Comórtas Chorn Uí Riada agus ba mhaith leat eolas a fháil faoin ócáid. Líon na bearnaí ar do chárta féin trí cheisteanna a chur ar an duine in aice leat.

Rólghníomhaíocht 2

Duine A: Bhí tú ag freastal ar an Oireachtas agus chuaigh tú go dtí Cóisir na Mac Léinn. Tá an t-eolas a bhaineann leis an imeacht sin ar do chárta. Beidh an duine in aice leat ag cur ceisteanna ort faoi.

Duine B: Chuaigh do chara go dtí Cóisir na Mac Léinn agus ba mhaith leat eolas a fháil faoin ócáid. Líon na bearnaí ar do chárta féin trí cheisteanna a chur ar an duine in aice leat.

2: Scríobh

Roghnaigh Corn Uí Riada nó Cóisir na Mac Léinn agus samhlaigh gur fhreastail tú ar an imeacht sin. Scríobh postáil ghearr do na meáin shóisialta faoin ócáid. Is leor cúig abairt nó mar sin.

AN SCRIPT

Eimear Ní Chonaola
Anois, an tOireachtas – an ócáid is mó i bhféilire na Gaeilge agus is ann a bhíonn an bailiú is mó de lucht na Gaeilge agus na Gaeltachta. Ar feadh an lae arís inniu bhí comórtaisí agus imeachtaí éagsúla ar bun agus bhí Tomás Ó Mainnín s'againne i lár an aicsin.

Tomás Ó Mainnín
Rithim an cheoil á nochtadh féin trí bhuille na gcos agus lúbadh an choirp tríd an rince sean-nóis. Ceann amháin de os cionn seasca comórtas atá ar bun anseo i gCill Airne. Níos socra a bhíonn na comórtaisí amhránaíochta, ceann eile de na healaíona traidisiúnta a bhíonn ar stáitse. Anseo atá an chuid is óige acu. An comórtas dóibh sin faoina seacht. An ealaín á fréamhú san óige; agus ó thuaidh go Contae na Mí a chuaigh an corn.

Tomás Ó Mainnín
Cén fhad a thóg sé uait é a fhoghlaim, an t-amhrán uilig?
Lasairfhíona Ní Bhraonáin, Contae na Mí
Seacht lá.
Tomás Ó Mainnín
Agus cá mbíonn tú ag cleachtadh?
Lasairfhíona Ní Bhraonáin, Contae na Mí
Sa bhaile.

Tomás Ó Mainnín
Tá an scil á meas sna haoisghrúpaí in airde, Corn Cuimhneacháin Amhránaithe (Sean-Nóis) Mhúscraighe ag dul go Dún na nGall.

Conor Ó Gallachóir, Gort an Choirce
Is mór an onóir é a leithéid de chomórtas a bhaint[1], mar a déarfá. Bhí caighdeán millteanach ard ansin inniu. Naoi gcloigne déag againn faoi thríocha a cúig. Is mór an t-éacht é a leithéid de chomórtas a bheith againn. Thar a bheith iomaíoch, caighdeán ard mar a dúirt mé agus is mór an onóir dom an corn seo a ghlacadh.

Tomás Ó Mainnín
Inniu i gCill Airne, bhí a gcéad chruinniú náisiúnta ag oifigigh pleanála teanga ó ar fud na tíre, seachtrach ó na heagrais stáit.

'Is mór na dúshláin atá amach romhainn. Tá géarchéim teangeolaíochta na Gaeltachta ag dul in olcas.'

Lainseáladh meitheal náisiúnta chun go mbeadh guth aontaithe ó na hoifigigh.

Cristín de Mórdha, Oifigeach Pleanála Teanga, Dúchas an Daingin
Cé go bhfuil muid ag obair inár n-aonar in an-chuid áiteanna, ag obair agus sinn ag treabhadh linn inár bpaistí féin … lena leithéid de mheitheal, d'fhéadfaimis a bheith ag stocaireacht i dteannta a chéile agus rudaí i bhfad Éireann níos mó a bhaint amach. Tá sé níos éifeachtaí is dóigh liom, má tá litir ag teacht ó ochtó nó nócha duine ná litir ag teacht ó dhuine nó beirt.

Tomás Ó Mainnín, Nuacht TG4 i gCill Airne.

[1] a bhaint = leagan canúnach de 'a bhuachan'

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Réamhchleachtadh 1:

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin. Tabhair deis dóibh féachaint ar sceideal an tSathairn – https://www.antoireachtas.ie/oireachtas-na-samhna/imeachtai-na-feile-2023/de-sathairn.html – ina n-aonar ar feadh cúig nóiméad nó mar sin. Iarr orthu ansin na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin.

Réamhchleachtadh 2:

Is é aidhm an réamhchleachtaidh seo ná ábhar/topaic na míre a chur i láthair na bhfoghlaimeoirí sula bhféachfaidh siad uirthi chun tacú leis an gcluastuiscint ar ball. Beidh siad ag plé na hoibre a dhéanann oifigigh pleanála teanga, is é sin, na freagrachtaí a bhaineann leis an bPlean Teanga a chur i bhfeidhm sna limistéir ina bhfuil siad ag obair.

B: FOCLÓIR

1.

féilire	*calendar*
á nochtadh	*being exposed*
lúbadh	*bending, twisting*
níos socra	*calmer*
á fréamhú	*being established*
ó thuaidh	*northward*
Is mór an onóir é	*It's a great honour*
iomaíoch	*competitive*
seachtrach	*external*
eagrais stáit	*state bodies/organisations*
meitheal	*working group*
ag treabhadh linn	*plodding along*
ag stocaireacht	*campaigning, lobbying*

2. Is téarma scaoilte go leor é 'sean-nós' a chiallaíonn 'sean-ghnás' nó 'ar bhealach traidisiúnta'. Rince/amhránaíocht sean-nóis nó a bheith ag rince / ag amhránaíocht ar an sean-nós.
3. Naoi nduine dhéag.
4. 'i bhfad Éireann níos mó' = *way bigger, a damn sight bigger* (míle uair níos mó).

C: TUISCINT

1. Féach:
   - Tá an comórtas an-**iomaíoch** ar fad agus ardchaighdeán ag baint leis.
   - **Is mór an onóir é** a leithéid de chomórtas a bhuachan.
   - Beimid **ag treabhadh linn** inár n-aonar gach lá gan stad.
   - Is é an tOireachtas an ócáid is mó i bh**féilire** na Gaeilge.
   - Tá an ealaín **á fréamhú** go luath i bpáistí óga.
   - Bheadh sé níos éifeachtaí dá mbeadh muid **ag stocaireacht** i dteannta a chéile.
   - Bíonn na hoifigigh pleanála teanga ag obair go **seachtrach** ó na h**eagrais stáit**.
   - Lainseáladh **meitheal** náisiúnta chun go mbeadh guth aontaithe ag na hoifigigh.
   - Bíonn na comórtais amhránaíochta **níos socra** ná na comórtais damhsa.
   - Bíonn rithim an cheoil **á nochtadh** féin trí bhuille na gcos agus **lúbadh** an choirp.
   - Beidh Corn Cuimhneacháin Amhránaithe Sean-Nóis Mhúscraighe ag dul **ó thuaidh** i mbliana.

2. Féach ar an script.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (ceisteanna)

a) Féach:

Grúpa 1: 'a' + séimhiú ar an mbriathar (más féidir)	**Cé a** bhuaigh Corn Uí Riada? **Conas a** théann tú go dtí an tOireachtas? **Céard / Cad é** a **sh**íl tú den chomórtas sin? **Cathain /Cén uair** a **bhí / atá/** a **bheidh** tú ann? **Cén fhad** a **bhí / atá /** a **bhíonn /** a **bheidh** tú ag cleachtadh? **Cén lá atá /** a **bhí /** a **bheidh** sé ar siúl? **Cé mhéad** a chosain / a chosnaíonn sé?
Grúpa 2: 'a' + urú nó an fhoirm chéanna den bhriathar a úsáidtear san fhoirm cheisteach	**Cá / Cén áit** a **bh**fanann tú nuair a bhíonn tú ann? **Cén chaoi / dóigh** a **bhfaighidh** tú amach? **Cén fáth** ar shíl tú sin? (cosúil le 'Ar shíl … ?') **Cé leis** a **raibh** / **a bhfuil** / a **m**beidh tú ag dul?

b) Féach:

Cad é an scannán nó an clár teilifíse is fearr a (feic) **chonaic** tú le déanaí?
Cathain a (feic) **chonaic** tú é?
Cén áit (bí) **a raibh** tú nuair a chonaic tú é?
Cén fáth ar (taitin) **thaitin** sé leat?

2: Cruinneas gramadaí (an tuiseal ginideach uatha)

a) Féach:

féilire **na Gaeilge**	lucht **na Gaeltachta**
ar feadh **an lae**	i lár **an aicsin**
rithim **an cheoil**	lúbadh **an choirp**
Contae **na Mí**	ar fud **na tíre**

b) Iarr orthu féachaint ar an mír arís mura bhfuil siad cinnte. Is féidir leat cúpla sampla coitianta eile a phlé leo má tá an t-am agat. Mar shampla: tús an ranga, bean an tí, foireann na hÉireann, corn an domhain, príomhoide na scoile, lár na cathrach, pobal an bhaile.

E: CUMARSÁID

1: Caint

Tá na cártaí do dhuine A agus do dhuine B le fáil (agus le gearradh amach roimh an rang) ag deireadh na nótaí seo. Mínigh dóibh go bhfuil na rólghníomhaíochtaí seo bunaithe ar chuid B de scrúduithe cainte TEG.

Rólghníomhaíocht 1:

Tabhair cárta A do dhuine A, agus cárta B do dhuine B. Abair leo gan na cártaí a thaispeáint dá chéile. Caithfidh duine B ceisteanna a chur ar dhuine A chun an t-eolas ar fad a fháil agus na bearnaí ar an gcárta a líonadh. Abair leo go gcaithfidh siad úsáid a bhaint as an aimsir chaite. Seo thíos na ceisteanna samplacha. Scríobh tús na gceisteanna ar an gclár (sin na focail a bhfuil líne fúthu thíos) má cheapann tú go mbeadh sé ina chuidiú.

Cén áit a raibh sé ar siúl?
Cad é Corn Uí Riada?

Cén lá a bhí sé ar siúl?
Cén dáta a bhí ann?
Cén t-am a thosaigh sé?
Cé mhéad a chosain ticéad?
Cé mhéad a chosain ticéad lae?
Conas is féidir liom níos mó eolais a fháil?

Rólghníomhaíocht 2:
Iarr orthu róil a mhalartú sa dóigh is nach mbeidh an duine céanna ag cur na gceisteanna. Tabhair cárta A do dhuine A, agus cárta B do dhuine B. Abair leo gan na cártaí a thaispeáint dá chéile. Caithfidh duine B ceisteanna a chur ar dhuine A chun an t-eolas ar fad a fháil agus na bearnaí ar an gcárta a líonadh. Abair leo go gcaithfidh siad úsáid a bhaint as an aimsir chaite. Seo thíos na ceisteanna samplacha. Scríobh tús na gceisteanna ar an gclár (sin na focail a bhfuil líne fúthu thíos) má cheapann tú go mbeadh sé ina chuidiú.

Cén áit a raibh sé ar siúl?
Cad é Cóisir na Mac Léinn?
Cén lá a bhí sé ar siúl?
Cén dáta a bhí ann?
Cén t-am a thosaigh sé?
Cé mhéad a chosain ticéad?
Cé mhéad a chosain ticéad lae?
Conas is féidir liom níos mó eolais a fháil?

2: Scríobh
Iarr orthu postáil ghearr faoi Chorn Uí Riada nó faoi Chóisir na Mac Léinn a scríobh. Is leor cúig abairt nó mar sin.

Curtha ar fáil ag
Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad
Lárionad na Gaeilge
Taighde, Teagasc & Tástáil
le tacaíocht ó
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media
TG4

Rólchártaí le gearradh amach:

Rólghníomhaíocht 1

Duine A	**Duine B**
Corn Uí Riada *An Stáitse Mór* *Óstán Gleneagle* *Cill Airne* *Príomhchomórtas Amhránaíochta ar an Sean-Nós* Dé Sathairn, 4 Samhain 2023 7pm Ticéad: €20 Ticéad lae: €55 Gach eolas: www.antoireachtas.ie	***Corn Uí Riada*** *Áit:* _____ *Cad é:* _____ _____ Lá agus dáta: _____ Am: _____ Ticéad: _____ Ticéad lae: _____ Gach eolas: _____

****

Rólghníomhaíocht 2

Duine A	**Duine B**
Cóisir na Mac Léinn *An Bálsheomra* *Óstán Gleneagle* *Cill Airne* *Cóisir gléasta le scoth an cheoil ó Oisín Mac, Bandia & Grooveline* Dé hAoine, 3 Samhain 2023 10 pm Ticéad: Saor in aisce Ticéad lae: €35 Gach eolas: +353 (0)64 663 6000	***Cóisir na Mac Léinn*** *Áit:* _____ *Cad é:* _____ _____ Lá agus dáta: _____ Am: _____ Ticéad: _____ Ticéad lae: _____ Gach eolas: _____